

**INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO  
MEASÚNÚ FAOI THEASTAIS GHAELGE**

---

**OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAELGE  
EARRACH, 2016**

---

**An Triail Scríofa - 100 MARC**

---

**Trí huairé an chloig don pháipéar seo (10.00 – 1.00).  
Freagair cúig cheist.**

---

**ROINN A**

**Freagair Ceist 1 nó Ceist 2**

1. Scríobh litir (380-400 focal ar a laghad):-

Mar an múinteoir i do scoil atá i gceannas ar chúrsaí ceoil, scríobh litir chuig Rúnaí an Chumainn Cheoil i do cheantar ag gabháil buíochais leis/léi as pianó nua a bhronnadh ar an scoil.

2. Scríobh litir (380-400 focal ar a laghad):-

Mar an Príomhoide ar do scoil scríobh litir chuig Cathaoirleach Scoileanna Glasa Éireann, Sráid Phroinsias, Baile Átha Cliath 8 ag gearán faoin gcinneadh atá déanta gan bratach ghlas a bhronnadh ar an scoil.

(30 marc)

**ROINN B**

**AISTRÍÚCHÁIN**

**Freagair Ceist 3 agus Ceist 4**

3. Aistrigh go Gaeilge:-

- (a) Be careful there, Siobhán. The footpath is slippery.
- (b) On you go, children but clean your shoes first.
- (c) Take out your homework, children.
- (d) What answer did you get, Aisling? Show me your copybook.
- (e) Did you forget your lunch, Brendan?
- (f) Fold up your sleeves, Ciara and wash the brushes.
- (g) Don't do that, children! That's very dangerous.
- (h) Did you see what happened, Deirdre?

- (i) Collect the copybooks, Peadar and leave them on my table.
- (j) Put up your chairs, children.

(15 marc)

4. Aistrigh go Gaeilge:-

Principal: Excuse me, Ciara. I didn't see you this morning.

Teacher: I went straight to my classroom. I had copybooks to correct.

Principal: How are the practices for the 1916 concert going?

Teacher: Everything is going very well.

Principal: Will there be much music in it?

Teacher: There will be music and song in it.

Principal: Will there be any drama in it? Pearse loved drama.

Teacher: There certainly will.

Principal: That's great. I'll be looking forward to it.

Teacher: I'll show you the programme when it's ready.

(20 marc)

## ROINN C

### GRAMADACH

#### Freagair Ceist 5

5. Scríobh na freagraí i do fhreagarleabhar:-

**An Briathar:**

1. A chailíní! (Caith) \_\_\_\_\_ na liathróidí san aer.
2. A Shiobhán! Ná (ith) \_\_\_\_\_ na torthaí go dtí am lóin.
3. Níor (ceannaigh) \_\_\_\_\_ Ailbhe carr nua inné.
4. Ní (múin: siad) \_\_\_\_\_ ceol gach lá.
5. Ar (chuala: tú) \_\_\_\_\_ an clár faisnéise faoi na Piarasaigh inné?
6. (Sábháil: sí) \_\_\_\_\_ airgead, dá mbeadh post buan aici.
7. An (déan: sibh) \_\_\_\_\_ cáca an deireadh seachtaine seo chugainn?
8. Nach (feic: sé) \_\_\_\_\_ an clár faoi 1916 inné?
9. (Ullmhaigh: sé) \_\_\_\_\_ an dinnéar gach lá.
10. Dá mbeadh Conchúr anseo, (mínigh: sé) \_\_\_\_\_ na rialacha dúinn.
11. (Cuir: mé) \_\_\_\_\_ an cluiche ar ceal amárach.
12. (Roghnaigh) \_\_\_\_\_ an buaiteoir sa chomórtas sin inné.
13. (Tabhair) \_\_\_\_\_ amach na nótaí do na tuismitheoirí amárach.
14. Deir Máirtín (mothaíonn) \_\_\_\_\_ sé tinn inniu.
15. Dúirt na cailíní (ní dhearna) \_\_\_\_\_ siad an obair bhaile.
16. Dúirt Pól (rachaidh) \_\_\_\_\_ sé abhaile ar an traein amárach.
17. Is aoibhinn liom a (bí) \_\_\_\_\_ ag seinm ceoil.
18. Tá na cóipleabhair ar fad (bailigh) \_\_\_\_\_ ag an múinteoir.
19. Dá (buail: sé) \_\_\_\_\_ le Dara Ó Cinnéide, labhródh sé leis as Gaeilge.
20. Má (feic: tú) \_\_\_\_\_ Laura, an ndéarfadh tú léi go raibh mé ag cur a tuairisce?

**An Chopail:**

21. Ní (fiacloir) \_\_\_\_\_ í Fiona.
22. Nach (é) \_\_\_\_\_ Gearóid an Garda nua?
23. Ar (ceoltóir) \_\_\_\_\_ í Róisín nuair a bhí sí óg?
24. Ba (Príomhoide) \_\_\_\_\_ é Maitias.

**An tAinmfhocal**

25. Tá an (am [fir.]) \_\_\_\_\_ istigh!
26. Tá an (oifig [bain.]) \_\_\_\_\_ sin an-néata.
27. Chaith Muiris an tráthnóna sa (gairdín) \_\_\_\_\_.

28. Bhunaigh TG4 an clár ar na (ainmhithe) \_\_\_\_\_ sa zú.  
29. Bíonn lus an chromchinn faoi bhláth ag tús (an t-earrach) \_\_\_\_\_.  
30. Chuala mé ceol (an chláirseach) \_\_\_\_\_ ag an gceolchoirm aréir.  
31. Cuir cótaí (na páistí) \_\_\_\_\_ ag bun an tseomra.  
32. Chuala mé an rang ag cleachtadh (na hamhráin) \_\_\_\_\_.

### **An Aidiacht**

33. Is í seo an chathaoir (is: beag) \_\_\_\_\_.  
34. Tá Áine (níos: óg) \_\_\_\_\_ ná Pól.

### **An Aidiacht Shealbhach**

35. Tá Seán agus Anna (i: a: cónaí) \_\_\_\_\_ i nGaillimh.  
36. Beidh an Príomhoide ag caint (le: bhur: athair) \_\_\_\_\_ amárach.

### **An Forainm Réamhfhoclach**

37. Nuair a bhí sí sa Ghaeltacht, mhothaigh sí (ó: í) \_\_\_\_\_ a páistí.  
38. D'éirigh (le: é) \_\_\_\_\_ sa Triail Chluastuisceana.

### **Suas, Thuas, Anuas; Síos, Thíos, Aníos**

39. A Eilís! Tá an t-airgead thuas staighre sa taisceadán. An rachaidh tú \_\_\_\_\_ chun é a fháil?

### **Isteach, Istigh; Amach, Amuigh**

40. Bhí slaghdán ar Threasa. Chaith sí an deireadh seachtaine go léir \_\_\_\_\_ cois tine.

### **Uimhreacha**

41. Scríobh i bhfocail: Bus 9: \_\_\_\_\_.  
42. Tá (7 amhrán) \_\_\_\_\_ ar eolas ag an rang anois.  
43. Tá Deirdre sa Chéad (Bliain) \_\_\_\_\_ san ollscoil.  
44. Triúr (cailín) \_\_\_\_\_ atá i Rang a hAon.

### **Gramadach an Bhriathair**

45. Scríobh an aimsir chaite, an fhoirm dhearfach, an chéad phearsa iolra den bhriathar 'dún'.  
\_\_\_\_\_  
46. Scríobh an aimsir láithreach, an fhoirm dhiúltach, an dara pearsa uatha den bhriathar 'bailigh'.  
\_\_\_\_\_  
47. Scríobh an t-ainm briathartha den bhriathar 'ith'.  
\_\_\_\_\_  
48. I dtéarmaí gramadaí, mínigh 'foghlaimeoidh sí'.  
\_\_\_\_\_  
49. I dtéarmaí gramadaí, mínigh 'cheap siad'.  
\_\_\_\_\_  
50. I dtéarmaí gramadaí, mínigh 'faightear'.  
\_\_\_\_\_

(25 marc)

## ROINN D

### LÉAMHTHUISCINT Freagair Ceist 6 nó Ceist 7

6. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:-

**Sliocht, atá curtha in oiriúint, as Bríd na nÁmhrán le Pádraig Mac Piarais, in eagar ag Cathal Ó Háinle, *Gearrscéalta an Phiarsaigh, Helicon Teoranta, 1979, 105-107.***

Ba í Bríd na nAmhrán an t-amhránaí ba mhó clú dá raibh i Ros na gCaorach, ní hamháin le mo linnse, ach le linn m'athar. Deirtí go meallfadh sí an chéirseach den chraobh le binneas a ceoil...agus chreidfinn féin go meallfadh...Bheinn i m'fhear saibhir inniu dá mbeadh scilling agam in aghaidh gach uaire a sheasas taobh amuigh dá doras, ar mo bhealach abhaile ón scoil dom, ag éisteacht lena cuid amhrán...Bhí sé mar bhéaloideas i measc na ndaoine gur ón Reachtúrach féin a d'fhoghlaim Bríd 'Contae Mhaigheo'...

Ní nach ionadh, nuair a chualamar go raibh Feis le bheith i Maigh Chaorthainn, shocraíomar go léir inár n-intinn gur ag Bríd a bheadh an duais ar an amhránaíocht, dá ngabhfadh sí ann...Bhéarfadh sí an duais go réidh agus chuirfí go Baile Átha Cliath í le hamhrán a ghabháil ag an Oireachtas. Bhí sórt leisce ar Bhríd ar dtús. Bhí sí ró-shean, a dúirt sí. Ní raibh a guth chomh maith is a bhíodh. Ní raibh a hanáil aici. Bhí cuid de na hamhráin ag imeacht as a cuimhne. Níor theastaigh duais uaithi...Dúirt Bríd an méid sin agus a sheacht n-oiread eile; ach ba léir san am céanna go raibh fonn uirthi dul chun na Feise agus bhí a fhios againn uile go ngabhfadh. Le scéal gairid a dhéanamh de, bhíomar léi nó gur bhaineamar gealladh aisti go rachadh sí ann.

Chuaigh. Is maith is cuimhin liom lá na Feise...Bhí an teach ag cur thar maoil le daoine... Chuaigh Bríd suas...Thosaigh sí uirthi. Bhí beagán cúthaileachta uirthi ar dtús, agus bhí an guth ró-íseal aici. Ach tháinig sí chuici féin...agus bhain sí deora as súile an chomhluadair...Chuireadar go léir na gártha astu nuair a bhí críochnaithe aici. Chuaigh girseach óg suas. Bhí an guth i bhfad níos fhearr aici ná mar a bhí ag Bríd, ach, dar linne ní raibh an t-uaigneas ná an binneas céanna san amhrán is a bhí in amhrán Bhríde...D'éirigh duine de na breithiúna ina sheasamh. Mhol sé Bríd go mór. Mhol sé an ghirseach óg go mór freisin. Bhí sé an-fhadálach.

'Cé acu a ghnóthaigh an duais?' arsa duine againn sa deireadh, nuair a bhí ár gcuid foighne caite.

'Ó, an duais!' ar seisean. 'Sea, i dtaobh na duaise, táimid á tabhairt do Nóra Ní Chasaide (an cailín óg), ach táimid ag moladh duais speisialta a thabhairt do Bhríd Ní Mhainnín. Cuirfear Nóra Ní Chasaide go Baile Átha Cliath le hamhrán a rá ag an Oireachtas'...

Níor labhair Bríd focal, ach is amhlaidh a d'éirigh sí ina seasamh agus, gan breathnú thairsti...thug sí an doras amach uirthi féin.

#### **Buntuisicint:**

1. Cén t-éan a luaitear sa chéad alt?
2. Cén t-amhrán a d'fhoghlaim Bríd ón Reachtúrach?
3. Cén fhianaise atá san alt go ndeachaigh go leor daoine chuig an bhFeis?

#### **Tuisicint liteartha:**

1. Cén fhianaise atá sa sliocht go ndeachaigh Bríd i bhfeidhm ar an slua ag an bhFeis?
2. Conas go bhfuil a fhios agat go raibh díomá ar Bhríd ag an deireadh?

(10 marc)

7. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:-

**Sliocht atá curtha in oiriúint as *Clíona Cailleach: Úrscéal d'Fhoghlaimoirí, le Gwyneth Wynn, Cló Iar-Chonnacht Teoranta, 2014, 7-9***

Ní raibh a cuid obair dhraíochta déanta ag Clíona Cailleach. Bheadh sí i dtrioblóid ar scoil arís amárach.

Aréir, nuair a bhí gach rud bailithe le chéile aici, bhí sí ag breathnú orthu...agus bhí siadsan ag breathnú uirthise...agus ní raibh sé de chroí inti iad a chaitheamh isteach i bpota uisce fiuchta. Créatúir bheo! Cén sórt duine a dhéanfadh a leithéid ar aon nós?

Níor fhadhb nua í seo do Chlíona, bhí rudaí cosúil leis tarlaithe go minic cheana agus, dá bharr, bhí sí i gcónaí ar an imeall sa scoil. Ní raibh na daltaí eile ag iarraidh a bheith róchairdiúil léi de bharr na trioblóide a tharraingíodh sí uirthi féin, agus tá mise ag rá leatsa nach raibh duine ar bith ag iarraidh na múinteoirí sa scoil sin a tharraingt orthu féin. Bhí cumhacht aisteach acu!

Ba chailín uaigneach í Clíona, mar sin, gan cara ceart ar bith aici – ach amháin nuair a bhíodh daltaí eile ag iarraidh freagraí mata. Bhí sí i bhfad chun cinn orthu san ábhar sin!...

Ach ar ais go dtí an lá seo...Ar ndóigh, an mhaidin dár gcionn, sa seomra ranga, bhí an múinteoir an-chrosta léi arís.

“A Chlíona, seo an tríú huair taobh istigh de thrí seachtaine a tháinig tú ar scoil gan do chuid obair dhraíochta a bheith déanta agat! Céard atá ort?”

Ní dúirt Clíona tada. Sheas sí agus a cloigeann fúithi agus chuir sí a dhá lámh síos ina pócaí áit a raibh an dá dhamhán alla, an francach, na sé mhíoltóg agus an dá phéist ag codladh go sámh sa nead beag teolaí a bhí déata aici dóibh.

“Bhuel, a Chlíona, tá mé ag fanacht? Céard atá le rá agat? Tá mé tinn tuirseach thú a fheiceáil i do sheasamh os mo chomhair anseo lá in ndiaidh lae. Bhuel?...”

Chuir Clíona a lámh timpeall ar na créatúir bheaga thíos ina póca. “Ní maith liom a bheith ag marú rudaí, a mháistreás,” a dúirt sí os íseal.

Leis sin, chuala sí...gáire ag scaipeadh ar fud an ranga. Lean an mháistreás ar aghaidh.

“Ach, a Chlíona, tá tú ag caint ar rudaí a bhíonn ag sleamhnú thart ar an talamh, rudaí gránna, salacha, ní rudaí iad atá ar nós muid féin! Is cuma fúthu!” Leis sin, bhreathnaigh sí ar na gasúir eile. “Anois, a pháistí, bígí cúramach ar fhaitíos go gcuirfeadh sibh na míoltóga beaga ag caoineadh! Agus bígí cúramach ar fhaitíos go seasfadh sibh ar phéist éigin!” a dúirt sí go searbhasach.

Bhí gach gasúr sa rang ag gáire os ard fúithi anois ach ní raibh aon neart ag Clíona air.

**Buntuisicint:**

1. Cén fáth a mbeidh Clíona i dtrioblóid ar scoil?
2. Cén chabhair a lorgaíonn na daltaí eile ó Chlíona uaireanta?
3. Cé na hainmhithe a bhí istigh ina pócaí ag Clíona?

**Tuisicint liteartha:**

1. Conas go bhfuil a fhios againn gur duine cineálta í Clíona?
2. Cén fhianaise atá ag deireadh an tsleachta nach raibh mórán measa ag na páistí eile ar thuairimí Chlíona?

(10 marc)